

99G

# Modúl 5

# Potaí agus Potaireacht

*Foghlaim conas potaí a dhéanamh mar a rinne siad fadó*

## Comhtháthú agus Nascadh Curaclaim

*Féach Treoirlínte an Mhúinteora (as Béarla amháin) le breis eolas a fháil*

## OSIE Stair

### RANGANNA NAÍONÁN

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta

### RANG 1 & 2

SNÁITHE: Mise agus mo Mhuintir
- Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta

### RANG 3 & 4

SNÁITHE: Staidéir Áitiúla
- Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa
- Snáithaonad: Pobail na Clochaoise

SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
- Snáithaonad: Bia agus feirmeoireacht

### RANG 5 & 6

SNÁITHE: Staidéir Áitiúla
- Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart
- Snáithaonad: Miotais agus finscéalta

SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa
- Snáithaonad: Pobail na Clochaoise

SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
- Snáithaonad: Bia agus feirmeoireacht

## NASCADH

**OSIE Tíreolaíocht**
- Imshaoil dhaonna
- Imshaoil nádúrtha

**OSIE Eolaíocht**
- Dúile beo
- Fuinneamh agus fórsaí
- Ábhar
- Feasacht agus cúram imshaoil

## COMHTHÁTHÚ

**Matamaitic**
- Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla
- Uimhreas
- Cruth agus spás
- Sonraí
- Tomhais

**OSPS**
- Mise
- Mise agus daoine eile
- Mise agus an domhan mór

**Na hAmharcealaíona**
- Péint agus dath
- Líníocht
- Tógáil
- Fabraic agus snáithín


**Gaeilge**
- Éisteacht
- Labhairt
- Scríbhneoireacht
- Léitheoireacht


**Drámaíocht**
- Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
- Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta


**English**
- Receptiveness to language
- Competence and confidence
- Developing cognitive abilities through language
- Emotional and imaginative development through language

"D'fhoghlaim mé cuid mhór. Rinneamar potaí. Bhí sé thar cinn!"

*Dalta Rang 1*









## CUSPÓIR

Foghlaimíonn na daltaí conas potaí cré a dhéanamh trí bhreathnóireacht agus trí thaithí phraiticiúil. Is mar seo a gheobhaidh siad an-léargas ar scileanna agus ar cheirdeanna na bhfeirmeoirí Clochaoise (Neoiliteach).

## AOISGHRÚPA

Tá an modúl seo oiriúnach do gach rang leibhéal.
Chun an modúl a láimhseáil i gceart do gach aoisghrúpa, féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla amháin).

## ÁBHAIR AGUS FEARAS

- Cré mhúnlaithe ( Cré nua nó Cré Terracotta)
- Ábhair Mhaisiúcháin – sliogáin, sreangán, peann luaidhe srl.
- Péinteanna Póstaeir
- Gliú PVA


### Bileog Oibre (BO)

- Feirmeoireacht sa Chlochaois (**BO1**)
- Ag maisiú Pota Neoiliteach (**BO2**)
- Ag tarraingt Potaí Neoiliteacha (**BO3**)
- Ceirdeanna agus Scileanna na Clochaoise (**BO4**)

## ULLMHÚCHÁN

Ba é teacht na feirmeoireachta go hÉirinn ceann de na heachtraí ba thábhachtaí i stair na hÉireann. Tharla sé seo i rith na Clochaoise (Neoiliteach).

Pléigh na hathruithe a tháinig ar an soláthar bia de bharr feirmeoireachta agus conas mar a bhí ar na feirmeoirí na foraoisí a ghlanadh chun talamh feirme a ullmhú. (**BO1**). Conas a leag siad na crainn? Thóg feirmeoirí na Clochaoise tithe láidre adhmaid agus tuamaí móra cloiche. (féach **Modúl 6**). Bhí a fhios acu conas potaí cré a dhéanamh chomh maith (**BO2** agus **BO3**). Smaoinigh ar na húsáidí ar bhain siad as na potaí sin.









# Tosaímis!

## Suíomh a chruthú

Is feirmeoirí Neoiliteacha (Clochaois) iad na daltaí. Tá na daoine fásta gnóthach ag treabhadh na bpáirceanna agus ag cur arbhair. Bíonn siad ag súil leis go ndéanfaidh an t-aos óg sa phobal potaí nua. Déanfaidh na daltaí na potaí seo.

# An Ghníomhaíocht

## Pota Méaraithe

Is bealach tapaidh é an pota méaraithe chun soitheach (pota) beag a dhéanamh. Bhí an teicníc seo an-choitianta sa Chlochaois. Tóg an chré amach as an mála agus taispeáin do na daltaí conas pota méaraithe a dhéanamh sula dtugann tú cré ar bith dóibh (ná déan dearmad go dtosaíonn an chré ag triomú nuair a láimhseáiltear í!).



(a) Déan liathróid den chré agus cuir i do lámh chlé í. Sáigh d'ordóg isteach i lár na liathróide, ag déanamh cinnte nach sánn tú an bealach ar fad trithí í.


(b) Bain liomóg as an gcré le do chorrmhéar agus d'ordóg, ag rothlú na liathróide cré ag an am céanna. Déantar cuas (poll beag) gan mhoill – bí cúramach gan na ballaí a dhéanamh róthanaí. Cuas chomh mór le hubhchupán nó beagán níos mó a bheadh oiriúnach.

(c) Lig don phota titim ar an mbord (go bog) chun bonn a dhéanamh.

(d) Maisigh na ballaí lasmuigh ag úsáid lorg sliogán nó sreangáin. Úsáid barr pinn luaidhe chun poill bheaga a dhéanamh nó sáigh isteach agus tarraing an peann luaidhe chun maisiúcháin a dhéanamh. Cuir ainm an dalta ar bhonn an phota. (**BO2**)

(e) Fág chun triomú go mall. Is féidir é a phéinteáil nó é a chlúdach le PVA nuair atá sé tirim. Cuir isteach i dtornóg é más fíorchré atá á úsáid agat.


**Nod:** Faigheann seandálaithe potaí mar seo in uaigheanna uaireanta. Cén fáth, meas tú ar cuireadh ansin iad? (**nod:** Tugtar soithigh bhia orthu uaireanta)





# Pota Cornánach

Úsáid teicnic an chorna chun pota níos mó a dheánamh. Ba é seo an modh ba choitianta chun potaí a dheánamh i rith na Clochaoise.



(a) Déan bonn ciorclach cothrom (trastomhas 8cm agus 1.5cm tiubh nó mar sin de)
(b) Tóg dornán cré agus rollaigh amach ina corna rialta í (trastomhas 1.5cm).
*Bí cúramach* - nuair atá an chré á rolladh agat ná húsáid an iomarca brú nó beidh cuma ubhchruthach air.
(c) Leag an corna ar an mbonn - timpeall agus timpeall ag ardú an bhalla go hingearach go mbeidh deireadh leis an gcorna.
(d) Smúdáil na siúntaí ar fad, taobh amuigh agus taobh istigh, idir na cornaí le do chorrmhéar. Níor chóir go mbeadh siúntaí ar bith le feiceáil ag an deireadh.
(e) Déan corna eile agus smúdáil na siúntaí. (Is féidir taobhanna an phota a thógáil chomh hard le 15cm nó mar sin de - beidh ort an chré a fhágáil le triomú beagán sula gcuirfear cornaí eile léi).
(f) Triomaigh agus maisigh an pota an bealach céanna le pota mearaithe.

**Nod:** Is féidir potaí neamhchríochnaithe a stóráil i málaí plaisteacha; coinníonn an plaisteach an taise istigh ionas gur féidir dul ag obair ar na potaí an chéad lá eile.

# Gníomhaíocht Dheiridh

Déan iniúchadh ar scileanna agus ar cheirdeanna fheirmeoirí na Clochaoise ag úsáid **BO1** agus **BO4**.

# Naisc Ghréasáin

*Conas pota cornánach a dhéanamh*
**www.jhpottery.com**

## Téarmaí

- Neoiliteach
- Pota méaraithe
- Pota cornánach

## Loga an Mhúinteora

*"Bhain na daltaí an-sult as ceangal coincréiteach a bheith acu le muintir na Clochaoise. Bhain na daltaí le riachtanais speisialta an-sult as an taithí thadhaill agus bhí siad an-bhródúil as a gcuid oibre."*

*Múinteoir Rang 2*

